**Cuntas Leithreasa 2017**

# Vóta 25

# Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

# Réamhrá

Mar Stiúrthóir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, is mé an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 25. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas ceangailte leis seo ullmhaithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar speansais Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus ar íocaíocht deontais áirithe.

Déantar an toradh caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna ceadaithe ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas na bliana san áireamh.

Tá barrachas €1.286 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na gnáthbheartais agus prionsabail chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile i bhfeidhm nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas sa chás seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar feabhsúcháin ar áitreabh léasach ar ráta 5% in aghaidh na bliana ar bhonn na líne dírí.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Coimisiún córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Tugtar faoin bhfreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgais eile atá orm mar Stiúrthóir an Choimisiúin. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht á n-athbhreithniú go leanúnach.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Choimisiún ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do sholáthar seirbhíse comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Braithim ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta den Vóta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil rialúcháin chuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm faoi mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais
- tá Coiste Airgeadais ann a chabhraíonn leis an gCoimisiún a fhreagrachtaí a chomhlíonadh trí mhaoirseacht a sholáthar i leith impleachtaí airgeadais ghníomhaíochtaí an Choimisiúin
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- tá córais i bhfeidhim chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Bainistiú***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn an lucht bainistithe sinsearach faoi athbhreithniú
- athbhreithnithe rialta an lucht bainistithe sinsearach ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséid
- córas bainistithe riosca ag oibriú laistigh den Choimisiún
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí faoi rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadail.

***Fáil Phoiblí***

Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na dtreoirlínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Coimisiún na treoirlínte cé is moite de thrí shocrú soláthair dar luach €163,284 a liostaíodh i mo thuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002.

- cás amháin a raibh caiteachas iomlán €56,519 ag baint leis, ina bhfuair an conraitheoir le haghaidh fheistiú áitreabh nua an Choimisiúin trealamh ar son an Choimisiúin trí bhíthin luachana iomaíocha gan é a chur ar tairiscint.
- cás amháin a raibh caiteachas €62,657 ag baint leis, inar leanadh ar aghaidh le conradh a bhí ann cheana féin le haghaidh tacaíocht agus cothabháil TFC ar feitheamh straitéis TFC a chur i gcrích, a mbeidh soláthar seirbhísí tacaíochta TFC ina chuid de dá éis.
- cás amháin a raibh €44,108 ag baint leis, inar cuireadh córas nua bainistithe airgeadais i bhfeidhm de bharr moladh ó sholáthróir cuntasaíochta seachtrach.

***Iniúchadh Inmheánach, agus Coiste Iniúchta agus Riosca***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gCoimisiún (atá á seachfhoinsiú faoi láthair) ag a bhfuil foireann ar cuireadh an oiliúint chuí orthu, agus a oibríonn de réir cairt i scríbhinn a cheadaigh mé. Tá anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Coimisiún nochta dóibh mar bhonn agus taca d’obair na feidhme agus bunaítear a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, a cheadaímse, ar an anailís sin. Tá sé d’aidhm leis na pleananna sin na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh-rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhim a aithníonn na príomh-rioscaí don Choimisiún agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an fhoireann ardbhainistíochta go ráithiúil. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus bronann sé feidhmiú rialaithe ar bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don Choimisiún, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh-rioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh-rialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an gCoimisiún le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha Airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2017, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Laurence Bond**
Oifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

4 Meán Fómhair 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Meán Fómhair 2018

# Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

## Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Feidhm Choimisiúin na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 6,631 | 5,319 | 6,208 |
| | **Ollchaiteachas** | **6,631** | **5,319** | **6,208** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **109** | **83** | **153** |
| | **Glanchaiteachas** | **6,522** | **5,236** | **6,055** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais na glansuime fheidhmithe faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **1,285,849** | **134,747** |

**Laurence Bond**
Oifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

4 Meán Fómhair 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 2,254 | 2,113 |
| Neamhphá | | 3,065 | 4,095 |
| **Ollchaiteachas** | | **5,319** | **6,208** |
| *Luíde* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **83** | **153** |
| **Glanchaiteachas** | | **5,236** | **6,055** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Breiseanna | (573) | | |
| Diúscairtí | 23 | | |
| Dímheas | 179 | | |
| | | **(371)** | **(1,388)** |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Athruithe ar fhabhruithe deiridh | | (112) | 90 |
| **Caiteachas díreach** | | **4,753** | **4,757** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 6 | 4 |
| **Glanchostas chláir** | | **4,759** | **4,761** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Comhghaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta as na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 25 a tabhaíodh in ait

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 18 Oifig Náisiunta um Sheirbhísí Comhroinnte | 6 | 4 |
| | **6** | **4** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid an Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 2,020 | 1,649 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.3 | 356 | 946 |
| Réamhíocaíochtaí | | 264 | 155 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 15 | 10 |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | **635** | **1,111** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 124 | 126 |
| Ioncam iarchurtha | | — | 1 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.4 | 85 | 906 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.5 | 286 | 50 |
| Iomlán dliteanas reatha | | **495** | **1,083** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **140** | **28** |
| **Glansócmhainní** | | **2,160** | **1,677** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **2,160** | **1,677** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Glansócmhainní ag 1 Eanáir | | | 1,677 | 552 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 6,522 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (1,286) | | |
| Vóta glan | | | 5,236 | 6,055 |
| Caiteachas (airgead) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 6 | 4 |
| Coigeartú | | | — | 6 |
| Maoiniú deontais roimh an gcorprú | | | — | (179) |
| Glanchostas chláir | | | (4,759) | (4,761) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **2,160** | **1,677** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Feabhsúcháin ar áitreabh | Troscán agus feistis | Trealamh TF agus oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag1 Eanáir 2017 | 1,302 | 323 | 190 | 1,815 |
| Breiseanna | 459 | 14 | 100 | 573 |
| Diúscairtí | (25) | — | (1) | (26) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 1,736 | 337 | 289 | 2,362 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 76 | 32 | 58 | 166 |
| Coigeartú | (3) | — | — | (3) |
| Dímheas don bhliain | 87 | 34 | 58 | 179 |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | 160 | 66 | 116 | 342 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **1,576** | **271** | **173** | **2,020** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 1,226 | 291 | 132 | 1,649 |

## 2.3 Banc agus airgead

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 108 | 77 |
| Cuntais bhainc thráchtála | 248 | 869 |
| | **356** | **946** |

### 2.4 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 33 | 39 |
| Árachas Sóisialta Pá-choibhneasta | 23 | 30 |
| Cáin Iarchoimeádta Seirbhísí Gairmiúla | 21 | 24 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | — | 9 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 7 | 10 |
| Cáin Bhreisluacha | 1 | — |
| | 85 | 112 |
| Asbhaintí párolla coinnithe i bhfionraí | — | 3 |
| Iarmhéideanna tionscadail | — | 612 |
| Maoiniú roimh an gcorprú inaisíoctha leis an Státchiste | — | 179 |
| | **85** | **906** |

### 2.5 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (1,000) | (85) |
| Barrachas le géilleadh | 1,286 | 135 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | **286** | **50** |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 356 | 946 |
| Iarmhéideanna dochair | 15 | 10 |
| | 371 | 956 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (85) | (112) |
| Iarmhéideanna sochair | — | (615) |
| Maoiniú deontais roimh an gcorprú | — | (179) |
| | (85) | (906) |
| | | |
| | **286** | **50** |

## 2.6 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí* | 1,833 | 2,095 |
| Cláir deontas | 222 | 80 |
| Dlí agus tionscadail eile | 159 | 605 |
| Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe le dlí | **2,214** | **2,780** |

*Is ionann ceangaltas an léasa áitribh agus €261,818 in aghaidh na bliana go dtí 2024.

## 2.7 Dliteanais aibithe

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana | — | 3 |

# Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

## Anailís ar Chaiteachas Riaracháin

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an gcaiteachas riaracháin don Vóta agus achoimre ar na fáthanna le hathrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000).

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 3,538 | 2,254 | 2,113 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 80 | 50 | 69 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,927 | 1,370 | 1,308 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 122 | 41 | 47 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 165 | 330 | 346 |
| vi | Speansais áitreabh oifige | 500 | 1,071 | 2,042 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartas | 299 | 203 | 283 |
| | | **6,631** | **5,319** | **6,208** |

**Athrúcháin shuntasacha**

*i.* *Tuarastail, pánna agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: €3.538 milliún, toradh: €2.254 milliún

Bhí difríocht €1.284 milliún sa chaiteachas ar thuarastail, pánna agus liúntais mar nár bhain an Coimisiún a líon creat rialaithe fostaíochta iomlán, 56 dhuine, amach i 2017. Bhí 41 chomhalta foirne (coibhéis lánaimseartha) ag an gCoimisiún ag tús na bliana. Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí 45 chomhalta foirne (coibhéis lánaimseartha) ag an gCoimisiún. Beartaítear feachtais earcaíochta le haghaidh 2018.

*ii.* *Taisteal agus cothabháil*

Soláthar mheastacháin: €0.080 milliún, toradh: €0.050 milliún

Bhí difríocht €0.030 milliún sa chaiteachas ar thaisteal agus cothabháil mar go ndearna an fhoireann níos lú taistil ná mar a tuaradh mar nár bhain an Coimisiún a líon creat rialaithe fostaíochta iomlán, 56 dhuine, amach i 2017.

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha*

Soláthar mheastacháin: €1.927 milliún, toradh: €1.370 milliún

Bhí difríocht €0.557 milliún sa chaiteachas ar oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha mar go raibh leibhéil ghníomhaíochta clár níos lú ná mar a tuaradh mar nár bhain an Coimisiún a líon creat rialaithe fostaíochta iomlán, 56 dhuine, amach i 2017.

*iv.* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar an mheastacháin €0.122 milliún, toradh: €0.041 milliún

Bhí difríocht €0.081 milliún sa chaiteachas ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide mar go raibh leibhéil ghníomhaíochta clár níos lú ná mar a tuaradh mar nár bhain an Coimisiún a líon creat rialaithe fostaíochta iomlán, 56 dhuine, amach i 2017.

v. *Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF*

Soláthar an mheastacháin €0.165 milliún, toradh: €0.330 milliún

Tharla an difríocht €0.165 milliún sa chaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF mar gheall ar róchaiteachas caipitiúil i bpáirt. Cé gur cuireadh an obair ar fad beagnach i gcrích in 2016, lean íocaíochtaí caipitiúla as feistiú áitreabh an Choimisiúin ar Shráid na Faiche ar aghaidh in 2017. Bhí an toradh reatha níos mó ná an dáileadh freisin, mar gheall, go príomha, ar sheirbhísí TF ar chonradh agus sainchomhairleoireacht TF a bhí ag 110% den dáileadh reatha.

vi. *Speansais áitreabh oifige*

Soláthar an mheastacháin €0.5 milliún, toradh: €1.071 milliún

Bhí difríocht €0.571 milliún sa chaiteachas ar speansais an áitribh oifige mar gheall ar róchaiteachas caipitiúil i bpáirt. Cé gur cuireadh an obair ar fad beagnach i gcrích i 2016, lean íocaíochtaí caipitiúla as feistiú áitreabh an Choimisiúin ar Shráid na Faiche ar aghaidh i 2017. Bhí an toradh reatha níos mó ná an dáileadh freisin, mar gheall, go príomha, ar chíos agus táillí seirbhíse a bhí ag €451,211 nó 97% den dáileadh reatha.

vii. *Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartas*

Soláthar an mheastacháin €0.299 milliún, toradh: €0.203 milliún

Tharla an difríocht €0.096 milliún sa chaiteachas ar sheirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú beartais mar go raibh leibhéil ghníomhaíochta clár níos lú ná mar a tuaradh mar nár bhain an Coimisiún a líon creat rialaithe fostaíochta iomlán, 56 dhuine, amach i 2017.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Fáltais na asbhaintí a bhain le pinsin as luach saothair seirbhíse poiblí | 109 | 75 | 96 |
| 2. | Maoiniú seachtrach | — | — | 51 |
| 3. | Aisíocaíochtaí taistil Eorpaigh | — | 6 | 6 |
| 4. | Eile | — | 2 | — |
| | | **109** | **83** | **153** |

# Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | **45** | **41** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 2,023 | 1,907 |
| Liúntais | 22 | 11 |
| Ragobair | — | — |
| ÁSPC an fhostóra | 209 | 195 |
| **Pá iomlán** | **2,254** | **2,113** |

## 5.3 Íocaíochtaí liúntais

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí ar €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó 2017 € | Íocaíocht aonair is mó 2016 € |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais | 3 | 1 | 10,914 | 10,914 |

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cúiteamh agus costais dhlíthiúla

I rith 2017 tugadh cúnamh dlí breise do bheirt chliant de chuid an Choimisiúin faoi Alt 40[a], chun ionadaíocht dhlíthiúil a sholáthar dóibh chun aighneachtaí (ó bhéal agus i scríbhinn) a dhéanamh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in imeachtaí rialaithe tosaigh.

Chomhaontaigh an Coimisiún slánaíocht a thabhairt i leith aon dliteanas díobhálach costas féideartha de €40,000 móide CBL. Ní dócha go dtiocfaidh aon nochtadh costas féideartha chun cinn go ceann i bhfad (2020 is dócha).

[a] Tá údarás ag an gCoimisiún faoi Alt 40 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, cúnamh a thabhairt do dhaoine a thugann faoi imeachtaí de réir dlí comhionannais agus/nó cearta an duine.